



**Bille na dTeangacha Oifigiúla (Ceart chun an Ghaeilge a
Úsáid) (Leasú), 2026**
**Official Languages (Right to Use the Irish Language)
(Amendment) Bill 2026**

Meabhrán Mínitheach
Explanatory Memorandum



**BILLE NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA (CEART CHUN AN
GHAeilGE A ÚSÁID) (LEASÚ), 2026**
**OFFICIAL LANGUAGES (RIGHT TO USE THE IRISH
LANGUAGE) (AMENDMENT) BILL 2026**

MEABHRÁN MÍNITHEACH

Sprioc an Bhille

Aithneofar go soiléir don chéad uair riamh sa dlí faoin mBille seo gurb ann do cheart dearfach chun an Ghaeilge a úsáid in Éirinn, agus tabharfar feidhm do stádas na Gaeilge mar an phríomhtheanga oifigiúil agus mar theanga náisiúnta de réir Airteagal 8 den Bhunreacht maidir le cumarsáid sa Stát nó le duine nó daoine ar bith sa Stát.

Cuireadh cosc ar úsáid na Gaeilge in Éirinn don chéad uair ar an 19ú Aibreán 1367 de réir Reachtanna Chill Chainnigh, a dhaingnigh Rí Shasana Anraí VIII sa bhliain 1537, agus mhair an cosc i bhfeidhm ar feadh breis is leathmhílaois go dtí gur scrios An Gorta Mór pobal labhartha na Gaeilge.

Cé go ndearna Westminster aisghairm ar an gcosc reachtúil sa bhliain 1878, lean na Péindlíthe i bhfeidhm chun úsáid na Gaeilge sna cúirteanna a choiriúlú, rud a d'fhág gur cuireadh Gaeilgeoirí neamhchiontacha chun báis mar a tharla i Mám Trasna, agus níor tharla aisghairm ar an dlí sin ó thuaidh go dtí 2025.

Fiú agus deireadh curtha leis an gcosc dlí, tá oidhreacht an choilíneachais sin fós le brath sa tsochaí. Is beag uchtach a thugtar do chainteoirí agus meon ann gur rud as an ngnách, mímhúinte nó mícheart í a labhairt, fad is atá ganntanas deiseanna ann cheana féin chun dul i dtaithí uirthi lasmuigh den scoil.

Déanann an Bille seo iarracht a rá ar an gcéad dul síos go bhfuil sé ceart agus cóir an Ghaeilge a úsáid. Anuas air sin, ní bheadh cead amach anseo ag duine, eagrais nó fostóir stop a chur le duine Gaeilge a úsáid i gcumarsáid le duine nó le daoine eile, seachas le cúis bhailí i dtuairim an Choimisinéara Teanga.

Tá scéalta pléite sna meáin agus ag Coiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge maidir le fostóirí ag cur iachall ar oibrithe gan an Ghaeilge a úsáid, fiú i gcás monarchan a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta, agus tá scéalta pléite freisin faoi chomhlachtaí stáit ag déanamh amhlaidh le saoránaigh.

Sa Bhreatain Bheag, tá dlí den saghas seo i bhfeidhm – Beart na Breataine, 2011 – a thugann cumhacht don Choimisinéir Teanga ansin imscrúdú a dhéanamh ar aon sárú ar an tsaoirse chun an Bhreatainis a úsáid.

Aithnítear go bhfuil cásanna eisceachtúla ann a d'fhágfadh cúis a bheith le teanga eile a úsáid i mbun gnó ar leith, agus bheadh deis ag fostóir faoin mBille seo an chúis sin a léiriú don Choimisinéir Teanga.

Má tá sárú déanta ar an gceart seo gan chúis bhailí áfach, bheadh cead ag an gCoimisinéir Teanga piónós a ghearradh de luach €5,000 nó níos lú ar an bhfostóir. Bheadh cead ag fostóir achomhairc a lorg san Ardchúirt ar phointe dlí i gcónaí.

Déantar an ceart chun an Ghaeilge a úsáid a chosaint i gcomhthéacs an idirlín chomh maith sa Bhille seo, agus an chumarsáid ar líne anois riachtanach do shaol an ghnó. Tháinig scéalta chun solais leis na blianta beaga anuas faoi chomhlachtaí móra ilnáisiúnta a bheith ag cur cosc ar fhógraíocht trí Ghaeilge ar ardáin meán sóisialta le leithscéal nach féidir maoirsiú a dhéanamh ar ábhar nach bhfuil i mBéarla.

Ní féidir glacadh le cinsireacht frith-Ghaelach in Éirinn sa lá atá inniu ann, agus an mhaoirseacht níos éasca leis an teicneolaíocht anois ná mar a bhí riamh, agus ba chóir go mbeadh cosaint ar chomhchaighdeán d'úsáideoirí seirbhísí ar líne i nGaeilge is atá ann i mBéarla.

Forálacha an Bhille

Alt 1: Is gnáthfhoráil í seo ag tabhairt míniú ar théarmaí sa Bhille agus ag soiléiriú gurb iad Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus an tAcht Craolacháin, 2009 na hachtanna atá á leasú.

Alt 2: Leathnaítear cumhachtaí an Choimisinéara Teanga anseo chun imscrúdú agus tuarascáil a dhéanamh ar ghearáin faoi sháruithe ar an gceart chun an Ghaeilge a úsáid agus aithnítear ceart chun an Ghaeilge a úsáid san fhoráil seo agus tugtar cosaint ar leith dá húsáid san ionad oibre, ag tabhairt cumhacht don Choimisinéir Teanga íocaíocht €5,000 a ordú mar chúiteamh ó fhostóir i gcás ina n-aimsítear sárú gan chúis bhailí.

Alt 3: Leagtar síos dualgas faoin bhforáil seo maidir le cosaint chothrom agus cheart d'úsáideoirí ábhar Gaeilge ar ardáin a úsáid mar atá ann d'úsáideoirí maidir le hábhar i mBéarla ar líne.

Alt 4: Déantar foráil anseo maidir le gearrtheideal an Bhille, maidir lena fhorléiriú agus lena lua, agus maidir le forálacha tosach feidhme.

*Aengus Ó Snodaigh TD, Shónagh Ní Raghallaigh TD,
Márta, 2026.*